**Cuntas Leithreasa 2012**

# Vóta 18

# Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifgeach Cuntasaíochta do Vóta 18, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012, do thuarastail agus chostais Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caitheachas don bhliain.

Is cuid iad den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas seo á ullmhú.

**Cónascadh le hOifig an Ombudsman**

Achtaíodh an tAcht Ombudsman (Leasú) 2012, a rinne foirmiúil an cónascadh idir Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Ombudsman, ar 23 Deireadh Fómhair 2012.

Rinneadh na feidhmeanna cuntasaíochta a chumasc le héifeacht ó 1 Eanáir 2013. Ón dáta seo ar aghaidh, déanfar vótaí Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Ombudsman a chumasc. Tá gnéithe áirithe den chumasc tar éis dul ar aghaidh sular achtaíodh an reachtaíocht. D'aontaigh an dá eagraíocht ar Mheamram Tuisceana i mí na Nollag 2010 a thugann aghaidh ar ghnóthaí riaracháin chun bonn solúbtha a sholáthar don dá oifig. I measc réimsí an Mheamraim tá gnóthaí pearsanra a bhaineann le foireann CCSP, gnóthaí airgeadais agus bainistiú buiséad, oiliúint agus íocaíochtaí gaolmhara agus gnóthaí ginearálta foirne.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht as Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á reáchtáil ag Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Chuathas i mbun na freagrachta seo i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhí ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile a bhí orm mar Cheann na hOifige. Thairis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta, ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfaí earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a aimsiú ar bhealach tráthúil. Is próiseas leantach é cothabháil na rialuithe inmheánacha agus déantar athbhreithniú leantach ar an gcóras agus a éifeachtacht.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním leis seo go bhfuil timpeallacht rialaithe, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

- tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith sannta ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht dá réir,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais,
- cuireadh gnáis fhoirmiúla ar bun chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go nglactar na céimeanna réitithe cuí,
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh,
- Baintear úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna foirne a aithint, lena n-áirítear oiliúint sa bhainistíocht airgeadais.

**Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta**

Dearbhaím leis seo go bhfuil creat gnás riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, ach go háirithe, go bhfuil

- córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil ar a dhéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta,
- athbhreithniú rialta ar siúl ag an ardbhainistíocht de thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin,
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig,
- córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú,
- treoirlínte rialaithe um infheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadal, atá cuí, i bhfeidhm,
- an Roinn ag cloí le gach treoirlíne ábhartha maidir le soláthar agus ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na socruithe agus conarthaí creata.

**Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá traenáilte go cuí agus a oibríonn de réir chairt scríofa atá faofa agamsa. Tá a chuid oibre stiúrtha ag anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige seo agus tá a bpleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomh-rialuithe a chlúdach ar bhonn céimneach thar tréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá gnáis curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar measúnú iar-iniúchta ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Rinne an t-iniúchóir seachtrach roinnt iniúchóireachtaí ar na gnáis agus rialuithe cuntasaíochta airgeadais atá i bhfeidhm thar ceann na hOifige i rith 2012. Glacadh le conclúidí an iniúchóra agus cuireadh i bhfeidhm struchtúir chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí agus moltaí a d’eascair as.

Déanann coiste iniúchóireachta na hOifige athbhreithniú agus measúnú ar gach iniúchóireacht inmheánach agus seachtrach. Cuireann sé comhairle ar an Oifig seo chomh maith maidir le córais bhainistíochta riosca na hOifige. Tháinig an coiste le chéile dhá uair le linn 2012.

Tá an fhreagracht as iniúchóireacht inmheánach Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí imithe chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus chuig feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí Oifig an Ombudsman le héifeacht ó 1 Eanáir 2013.

**Andrew Patterson**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

11 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 18 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 18 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 18 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

4 Meán Fómhair 2013

# Vóta 18 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Rialáil agus Faireachán ar Cheapacháin | 814 | 502 | 540 |
| | **Ollchaiteachas** | **814** | **502** | **540** |
| | *Asbhain:* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **30** | **28** | **31** |
| | **Glanchaiteachas** | **784** | **474** | **509** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 310,424 | 373,875 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 514 | 431 | 474 |
| ii | Taisteal agus cothú | 7 | 1 | 1 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 55 | 12 | 13 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 28 | — | 2 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 70 | 51 | 20 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 20 | — | — |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta | 56 | 6 | 8 |
| viii | Táillí dlí | 64 | 1 | 22 |
| | | 814 | 502 | 540 |

# Nótaí ag Gabháil leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 431 | 474 |
| Caiteachas eile | | 71 | 66 |
| **Ollchaiteachas** | | **502** | **540** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **28** | **31** |
| **Glanchaiteachas** | | **474** | **509** |
| **Athruithe maidir le sóchmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (17) | | |
| Dímheas | 14 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | — | | |
| Díluacháil Sócmhainní Seasta | 27 | | |
| | | 24 | 8 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú i bhfabhraithe deiridh | (1) | | |
| Laghú i stoc | — | | |
| | | (1) | — |
| **Caiteachas díreach** | | **497** | **517** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2 | 3 |
| **Costas glan clár** | | **499** | **520** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an t-iomlán measta seo a leanas maidir le Vóta 18 a tharla in áit eile san áireamh sa chaiteachas do sheirbhísí gaolta glan.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | 2 | 3 |
| | 2 | 3 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.3 | — | 24 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | — | 15 |
| Stoic | 2.5 | 10 | 10 |
| Réamhíocaíochtaí | | 8 | 7 |
| Iarmhéideanna eile dochair | | — | 2 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **18** | **34** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | — | — |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.6 | 1 | 15 |
| Glandliteanas don/(ón) Státchiste | 2.7 | (1) | 2 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **—** | **17** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 18 | 17 |
| **Glansócmhainní** | | **18** | **41** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **18** | **41** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **2012**<br>**€000** | **2011**<br>**€000** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 41 | 49 |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 476 | 512 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | — | — |
| Costas glan clár | 1 | (499) | (520) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **18** | **41** |

| **2.2 Maoiniú tarraingthe síos** | **Nóta** | **2012**<br>**€000** | **2011**<br>**€000** |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 784 | 883 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (310) | (374) |
| | | 474 | 509 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | 2 | 3 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **476** | **512** |

## 2.3 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2012 | 120 | 9 | 129 |
| Breiseanna | 17 | — | 17 |
| Diúscairtí | (16) | — | (16) |
| Iarmhéid díluacháilte | (121) | (9) | (130) |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2012 | — | — | — |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2012 | 99 | 6 | 105 |
| Dímheas don bhliain | 13 | 1 | 14 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (16) | — | (16) |
| Iarmhéid díluacháilte | (96) | (7) | (103) |
| Dímheas carnach an 31 Nollaig 2012 | — | — | — |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2012** | — | — | — |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2011** | 21 | 3 | 24 |

## 2.4 Banc and Airgead Tirim

| an 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna leis an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | — | 15 |

## 2.5 Stoic

| an 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Clódóireacht agus Stáiseanóireacht | 10 | 10 |

## 2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile

| an 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | — | 8 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | — | 2 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin | — | 1 |
| | 1 | 11 |
| Míreanna eile sochair atá ar fionraí | — | 4 |
| | 1 | 15 |

| **2.7 Glandliteanas don/(ón) Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farrasbar le tabhairt suas | 310 | 374 |
| Deontas ón Státchiste nar tarraingíodh | (311) | (372) |
| Glandliteanas don Státchiste | (1) | 2 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | — | 15 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | — | 2 |
| | — | 17 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1) | (11) |
| Iarmhéideanna Sochair: ar fionraí | — | (4) |
| | (1) | (15) |
| | | |
| | (1) | 2 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Rialáil agus Faireachán ar Cheapacáin** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 514 | 431 | 474 |
| A.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 300 | 71 | 66 |
| | | 814 | 502 | 540 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A € 312,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Fo-mhírcheann | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Miniú |
|---|---|---|
| Riarachán - Caiteachas eile | 229 | Tharla na coigiltí i Vóta 18 de bharr, go pointe áirithe, tionchar an mhoratóra ar chroí-ghníomhaíochtaí CCSP le linn 2012. Thairis sin, ceaptar go méadóidh an ghníomhaíocht chéanna faoi mar a leathnaíonn sainchúram an Choimisiúin agus ag an uair a scaoiltear an moratóir. Baineadh roinnt coigiltí amach chomh maith trí chumasc fheidhmeanna an dá Oifig, lena n-áirítear cuntais, pearsanra agus T.F. |

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | €000 | €000 | €000 |
| 1. Fáltais ón tobhach pinsin a asbhaint | 30 | 28 | 31 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Mínítear i gcás gach fo-theideal nuair a bhí difríocht de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5% idir an toradh agus an méid a soláthraíodh. Thairis sin, níor chomhlíon aon táirgeacht sa Vóta seo na critéir sa bhliain 2012.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **An líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 7 | 8 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 415 | 459 |
| ÁSPC an Fhostóra | 16 | 15 |
| **Pá iomlán** | **431** | **474** |

**5.1 Íocaíochtaí Liúntais agus Ragoibre**

| | Líon na bhFaighteoirí | Iad siúd a fuair €10,00 agus níos mó | An íocaíocht aonair is mó 2012 € | An íocaíocht aonair is mó 2011 € |
|---|---|---|---|---|
| Ragobair agus freastal breise | 1 | — | 505 | 182 |

**5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais**

Bronnadh duais de €400 ar bhall foirne amháin faoin scéim chun aitheantas a thabhairt ar fheidhmíocht eisceachtúil.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Malgamú le hOifig an Ombudsman**

I ngeall ar mhalgamú CCSP leis an Ombudsman agus an vóta ag CCSP a bheith ag teacht chun críche dá bharr, fuarthas ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe díluacháil a dhéanamh ar luach leabhar shócmhainní seasta CCSP go luach a náid roimh aistriú na sócmhainní chuig Oifig an Ombudsman.

Cuimseofar sócmhainní seasta an Choimisiúin i gclár sócmhainní seasta an Ombudsman ag luachanna náid, chun ailíniú le polasaí an Ombudsman sócmhainní seasta níos mó ná €1,000 amháin a chaipitliú. Tógfar sócmhainní agus dliteanais eile an Choimisiúin ar aghaidh i gclár comhardaithe an Ombudsman ag luach reatha.